CINNEADH (CBES) 2022/2051 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1763 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1763 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle ar Chinneadh (CBES) 2015/1763, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023 agus ba cheart triúr a bhaint de liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1763 iad.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1763 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1763 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6, an dara mír:

"Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo í.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. HUBÁČKOVÁ

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/1763 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin (IO L 257, 2.10.2015, lch. 37).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1763 (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2), scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

— iontráil 1 (Godefroid BIZIMANA),

— iontráil 2 (Gervais NDIRAKOBUCA ailias NDAKUGARIKA),

— iontráil 4 (Léonard NGENDAKUMANA).